Inshore Fisheries Forum
Fóram Iascaigh Chladaigh

Eanáir 2019

Straitéis d'Earnáil Iascaigh Cois Cladaigh na hÉireann 2019-2023

Achoimre

Ireland's EU Structural and Investment Funds Programmes 2014 - 2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

EUROPEAN UNION
This measure is part-financed by the European Maritime and Fisheries Fund

BIM Ireland's Seafood Development Agency

CLÁR ÁBHAR

1	Comhthéacs	1
2	Próiseas Forbartha Straitéise	1
3	Fís	4
4	Téama, Aidhmeanna & Gníomhartha	5
5	Cur i bhFeidhm	9

RSM

1 COMHTHÉACS

Tá foilsiúchán Straitéis d'Earnáil Iascaigh Cois Cladaigh na hÉireann 2019-2023 ina gharsprioc mhór i bhforbairt an Tionscaimh Fóraim Iascaigh Cois Cladaigh a bunaíodh go déanach in 2014 chun deis chomhrá a sholáthar don earnáil, an stáit agus na páirtithe leasmhara atá i mbun gnó laistigh de 6 mhuirmhíle. Ó cuireadh ar bun iad, tá go leor tionscnamh tugtha chun cinn ag na Fóraim Chois Cladaigh, roinnt beart caomhnaithe stoc ina measc.

Ach in aineoinn an dul chun cinn tá sé soiléir dóibh siúd a bhfuil baint acu leis na fóraim go bhfuil gá le smaointeoireacht fhadtéarmach chun todhchaí na hearnála a chosaint, earnáil atá thar a bheith tábhachtach do phobail cois cósta na hÉireann. Sa straitéis seo leagtar amach na huaillmhianta agus na haidhmeanna le haghaidh todhchaí na hearnála agus aithnítear gníomhartha soiléire a chuirfear i bhfeidhm trí phlean feidhmithe a thugann éifeacht don fhís atá leagtha amach don earnáil. Ní hamháin go leagtar amach sa straitéis 'ón mbonn aníos' seo, a d'fhorbair na Fóraim Iascaigh Cois Cladaigh, conair inbhuanaithe don earnáil amach anseo, ach déanfaidh sé eolas do chur i bhfeidhm an Chláir Oibríochta Bia Mara 2016-2022, forbairt chreat dleathach an AE chun teacht in áit an chiste, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, ó 2020 agus forbairt ar Phlean Spáis Mara d'Éirinn in 2019/2020.

2 PRÓISEAS FORBARTHA STRAITÉISE

2.1 Próiseas Forbartha Straitéise

Sa Straitéis seo déantar:

- Treo straitéiseach na hearnála go 2023 a leagan amach;
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála trí bhunspriocanna agus foinsí tacaíochta airgid a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint; agus
- Uirlis tacaíochta a sholáthar don earnáil.

Rinne an Grúpa Stiúrtha Straitéise maoirseacht ar fhorbairt na straitéise seo don earnáil cois cladaigh. Bhí ionadaithe ó Fhóram Náisiúnta Iascaigh Cois Cladaigh agus na nGníomhaireachtaí Stáit iomchuí ar an nGrúpa a thug stiúradh d'fhorbairt na míreanna agus a thug aiseolas mar chuid de phróiseas atriallach.

Céim 1
Bailiú na Fianaise/ Anailís Buanna, Laigí, Deiseanna, Bagairtí (SWOT)
• Comhthéacs Polasaí
• Próifíl Tionscail
• Buncheisteanna Earnála
• Buanna, Laigí, Deiseanna, Bagairtí (SWOT)
Céim 2
Comhairliúchán 1 - Ceardlann tosaigh le RIFFeanna
Comhairliúchán le baill RIFF agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí stáit chun eolas a dheimhniú maidir le:
• Buncheisteanna
• Buanna, Laigí, Deiseanna, Bagairtí (SWOT)
Céim 3
Forbairt Straitéise
• Cur síos ar an tionscal
• Anailís SWOT leasaithe
• Buncheisteanna Leasaithe
• Téamaí
• Aidhmeanna
Céim 4
Comhairliúchán 2 - Ceardlann le RIFFeanna
Ceardlann le baill NIFF/ RIFF chun eolas a dheimhniú maidir le:
• Físráiteas
• Buncheisteanna
• Aidhmeanna
• Pleanáil Gníomhaíochta
Céim 5
Forbairt Straitéise
• Cur síos leasaithe ar an tionscal
• Anailís SWOT leasaithe
• Buncheisteanna Leasaithe
• Téamaí leasaithe
• Aidhmeanna leasaithe
Céim 6
Comhairliúchán 3 - Comhairliúchán Poiblí
Comhairliúchán poiblí chun na nithe seo a leanas a dheimhniú:
• Físráiteas
• Téamaí
• Aidhmeanna
• Gníomhartha
Céim 7
Forbairt Straitéise
Míreanna straitéise a chur chun críche, socruithe a chur i bhfeidhm san áireamh

Foinse: RSM

2.2 Creat na Straitéise

2.2.1 Creat na Straitéise

Léiríonn an léaráid thíos an creat atá ag Straitéis Iascaigh Cois Cladaigh.

Figiúr 1: Creat Forbartha Straitéise



3 FÍS

Beidh todhchaí rachmasach agus inbhuanaithe ag an Earnáil Iascaigh Cois Cladaigh trí thionscal aontaithe, a mbeidh guth láidir agus cumhachtach aige, a bheith ann.

4 TÉAMAÍ, AIDHMEANNA & GNÍOMHARTHA

4.1 **Téama 1** – Eagraíocht & Próifíl

GNÍOMHARTHA

Aidhm 1 Próifíl na hEarnála Cois Cladaigh:

- Córas bailithe sonraí cuí d'earnáil cois cladaigh na hÉireann a chur chun feidhme
- Eolas socheacnamaíoch a bhaineann leis an tionscal atá beacht agus suas chun dáta a chur in iúl chun feasacht faoin earnáil a mhúscailt agus tacaíocht don earnáil a spreagadh

Aidhm 2 Ionadaíocht Earnála:

- Feasacht faoin, agus rannpháirtíocht agus gníomhaíocht san, earnáil a mhéadú sna struchtúir/fóraim ionadaíocha reatha
- Cur le scileanna agus cumas ball RIFF ionas gur féidir leo guth na hearnála a ionadú agus a fhorbairt go héifeachtach
- Ionadaíocht éifeachtach a spreagadh agus a thacú trí chumarsáid rialta le baill earnála agus gníomhaireachtaí stáit iomchuí
- Gníomhaíocht earnála i gceapadh beartais a chur chun cinn trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhairliúcháin

Aidhm 3 Cur le Cumas Earnála:

- Cur le cumas chun struchtúir chomchoiteanna nua a chruthú, agus chun na cinn reatha a fheabhsú, ar mhaithe le comhtháthú san earnáil a láidriú
- Feasacht a mhúscailt ar na tacaíochtaí atá ann do na heagraíochtaí comhchoiteanna (m.sh. EMFF)
- Scileanna agus guth ball earnála a fhorbairt trí oiliúint chuí i réimsí mar scileanna bainistíochta, scileanna gnó, cómhargáil, srl.

Aidhm 4 Comhlíonadh a Fheabhsú:

- Tuiscint faoi chleachtas tionscail a fheabhsú agus comhairle a thabhairt maidir le hathruithe a chinnteoidh comhlíonadh reachtaíochta sásúil
- Cabhrú leis an earnáil tuiscint agus gníomhaíocht le comhlíonadh rialála agus reachtaíochta a fheabhsú

4.2 **Téama 2** – Bainistíocht & Pleanáil



GNÍOMHARTHA

Aidhm 1 Bainistíocht a Fheabhsú:

- Imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun prótacail nua do bhainistíocht inbhuanaithe na n-achmhainní cois cladaigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Tionscnaimh feabhsaithe a ghlacann le cur chuige straitéiseach maidir le bainistíocht inbhuanaithe stoc san earnáil a chur i bhfeidhm
- Feasacht agus rannpháirtíocht earnála a mhéadú trí struchtúir ionadaíocha a dhéanann iarracht cabhrú agus cur le heolas maidir le dea-chleachtas reatha i mbainistíocht agus i bpleanáil inbhuanaithe stoc

Aidhm 2 Feasacht Chomhshaoil:

- Tionscnaimh a chur i bhfeidhm a fheabhsaíonn cumarsáid trí eolas soláimhsithe faoi reachtaíocht chomhshaoil reatha agus amach anseo a scaipeadh
- Gníomhaíocht dhíreach agus comhoibriú níos fearr idir an earnáil, struchtúir ionadaíocha agus na gníomhaireachtaí stáit iomchuí maidir le reachtaíocht chomhshaoil a thacú agus a éascú chun éifeachtacht na rannpháirtíochta agus tionchar na gcomhairliúchán iomchuí a fheabhsú

Aidhm 3 Pleanáil Spásúlachta Mhuirí:

- Comhoibriú agus cumarsáid idir na páirtithe iomchuí go léir sa phróiseas pleanála spásúlachta muirí a fheabhsú chun eolas a roinnt, lorg spásúil na hearnála cois cladaigh a aithint agus gníomhaíocht gheilleagrach a chur chun cinn
- Buncheisteanna bainistíochta agus pleanála aitheanta faoi ghníomhartha Téama 1 a fhiosrú agus a aithint

4.3 **Téama 3** – Bonneagar & Acmhainní



GNÍOMHARTHA

Aidhm 1 Tarraingteacht Earnála:

- Roghanna chun aistriú úinéireachta a spreagadh a mheas chun teacht chuig agus imeacht ón earnáil a éascú
- An earnáil a chur chun cinn trí fhorbairt a dhéanamh ar eolas soiléir agus sothuigthe fúithi agus faoin gconair ghairme dóibh siúd atá ag teacht isteach, atá laistigh den earnáil nó atá ag imeacht ón earnáil
- Oiliúint agus deiseanna forbartha a chur ar fáil do lucht na hearnála chun iontrálaithe nua a mhealladh agus tallann reatha a choimeád

Aidhm 2 Bonneagar a Fheabhsú:

- Iniúchadh a dhéanamh ar chaighdeán, feidhmiúlacht, áiseanna agus bainistíocht na gcéanna agus na gcuanta cois cladaigh a úsáidtear nó ar féidir a úsáid ag an earnáil iascaigh cois cladaigh
- Cumarsáid leis na gníomhaireachtaí iomchuí maidir le caoi agus socruithe bainistíochta na gcéanna agus na gcuanta cois cladaigh a fheabhsú
- Tacaíocht a thabhairt d'áiseanna ag na céanna agus na cuanta a úsáidtear ag an earnáil iascaigh cois cladaigh a fheabhsú
- Socruithe bainistíochta ag na céanna agus na cuanta a úsáidtear ag an earnáil iascaigh cois cladaigh a fheabhsú

Aidhm 3 Poiblíocht a thabhairt do thacaíochtaí:

- Forbairt a dhéanamh ar agus poiblíocht a thabhairt do thairseach eolais lárnach amháin a léiríonn maoiniú reatha, acmhainní agus oiliúint atá ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don earnáil cois cladaigh
- Tacú le tionscnaimh bhreise chomhlántacha a mhúsclaíonn feasacht maidir le tacaíocht airgeadais atá ar fáil don earnáil

4.4 **Téama 4** – Brabúsacht



GNÍOMHARTHA

Aidhm 1 Éifeachtúlacht an Gheilleagair:

- Tionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann oiliúint ar fáil agus a chuireann le cumas scileanna bainteach le gnó a fhorbairt
- Gníomhaíocht agus comhairliúchán earnála feabhsaithe a éascú maidir leis an margadh reatha agus an margadh amach anseo agus deiseanna éagsúlaithe

Aidhm 2 Margaí:

- Luach táirgí a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt d'fhiontair iascaireachta chun rannpháirtíocht níos éifeachtúla leis an margadh a chur ar bun. Déanfar é sin trí thionscnaimh ar nós méadú ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha, gníomhartha líonraithe/comhchoiteanna, margaíocht, brandáil agus bolscaireacht
- Eolas beacht atá suas chun dáta maidir le treochtaí margaidh reatha a sholáthar chun ligean do na fiontair iascaireachta idirbheartaíocht níos éifeachtúla a dhéanamh sa mhargadh

Aidhm 3 Cur le Luach:

- Cur le luach na gabhála cois cladaigh trí ghníomhaíochtaí mar dhíolachán díreach agus próiseáil ar mhionchóir a thacú
- Tionscnaimh a fhorbairt chun idirdhealú a dhéanamh ar mhargadh agus chun táirgí d'earnáil cois cladaigh a chur chun cinn
- Feasacht tionsclaíochta maidir le rialúcháin díolachán a mhéadú

Aidhm 4 Éagsúlú:

- Athruithe sa chleachtas, sa pholasaí agus sa reachtaíocht reatha a aithint agus a éascú a chabhróidh le héagsúlú sa tionscal
- Deiseanna nua éagsúlaithe bunaithe ar fhianaise stuama a fhiosrú

5 CUR I BHFEIDHM

5.1 Plean Feidhmithe

Stiúrfaidh BIM cur i bhfeidhm na Straitéise i gcomhpháirtíocht le NIFF agus an earnáil cois cladaigh. Tá go leor de na Gníomhartha aitheanta sa Straitéis ag teacht le agus comhlánach leis na gníomhartha leagtha amach i Straitéis BIM 2018-2020 Fás Inbhuanaithe a Chumasú agus mar sin beidh a bhfeidhmiú níos fusa. Tá an BIM ina Údarás Feidhme le haghaidh an-chuid tacaíochtaí tionscail atá á cur i bhfeidhm tríd an gClár Oibríochta Bia Mara faoin EMFF agus mar sin tá deis mhaith aige chun na hathruithe oiriúnacha a dhéanamh ar na tacaíochtaí seo. Titeann Gníomhartha eile lasmuigh de shainchúram BIM áfach agus beidh gá le caidreamh gníomhach le gníomhaireachtaí eile, soláthraithe seirbhíse agus páirtithe leasmhara. Cuirfidh an BIM Plean Feidhmithe don Straitéis le chéile agus tabharfaidh Grúpa Straitéise Feidhmithe Cois Cladaigh comhairle don bhord maidir leis seo. Beidh ainmnithe ó NIFF, DAFM agus a ghníomhaireachtaí, BIM, MI agus an SFPA ar an ngrúpa. Tabharfaidh an grúpa comhairle ar an gcéad dul síos faoi fhorbairt an Phlean Feidhmithe agus ina dhiaidh sin ar mhonatóireacht agus dul chun cinn an fheidhmithe a thiomáint.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na Fóraim Iascaigh Cois Cladaigh trí BIM thíos nó tríd ár suíomh gréasáin **inshoreforums.ie**

BIM Ireland's Seafood Development Agency

Guthán: 01 214 4100
www.bim.ie
@BordIascMhara